

**An Dara Háit sa Chatagóir Shóisearach
Benedict Laighléis
St. Mary's Diocesan School, Drogheda, Co. Louth**

Tá an CLG i gcroí mar a táimid

Ó bhunaíodh Cumann Lúthchleas Gael i 1884, tá sé i gcroílár na tíre seo. Ar dtús, bhí sé tábhachtach san fheachtas ar son na saoirse. Tar éis Éirí Amach na Cásca, bhí an líon sin de imreorí i gCampa Frongoch na Breataine Bige, go raibh comórtas peile idir na príosúnaigh. Bhí an bua ag Ciarraí sa chraobh, ach ní raibh ach cúlín idir iad agus an Lú.

Teaspáinean sé sin cé comh mór is a chuaigh an CLG i bhfeidhm ar muintir na hÉireann. Dhá bhliain is tríoca roimhe sin bhí na cluichí Gaelacha ag dul i léig. Ó shin i leith, tá na cluichí ag dul níos láidre an t-am ar fad. Aithneofar peil agus iománaíocht go forleathan, ach tá liathród láimhe agus cluiche corr á riaradh ag an CLG comh maith.

Tá lucht leanúnach mór ag peil Gaelach. Cé go bhfuil Átha Cliath ag déanamh go maith faoi láthair, tá níos mó craobh buaite ag Ciarraí. Ach tá stair maith ag a lán contae eile. Ó am go h-am, bhí foireann sár-mhaith ag Contae na Mí. Tá fóirne measartha maith ag roinnt contaetha faoi láthair: Tír Eoghain, Gaillimh, Maigh Eo, Corcaigh agus Tiobraid Arainn mar shampla. Tá comórtais idir clubanna, scoileanna agus coláistí. Tugtar Corn Sigerson ar an gcomórtais idirollscoile. Tá fás maith ar peil na mban.

Tá cosúlachtaí idir peil Gaelach agus peil Astráileach. Bíodh fóirne ag dul ó Éirinn go dtí an Astráil le himirt. Ó 1984 ar aghaidh tá comórtas Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire agus an Astráil. Ag an bpointe seo, tá deich gcraobh ag Éire agus deich ag an Astráil comh maith.

Is cluiche fíor-sean an iománaíocht. Tá trácht air sna scéalta i sean-Ghaeilge. Tá trí contaetha atá an-laidir ag an iománaíocht: Cill Cheannaigh, Tiobraid Arainn agus Corcaigh. Imrítear é go forleathan i gCúige Mumhain agus tá an craobh ag Luimneach faoi láthair. Tá fóirne maithe ag Gaillimh, Loch Gormáin agus Átha Cliath freisin. Imríonn clubanna ó Aontrom go maith comh maith. Déannann Corcaigh go maith ag an gcomórtais idirollscoile, an Corn Mhic Giobúin.

Imríonn na mná camógaíocht. Tá traidisiún níos sine ag an gcamógaíocht ná ag peil na mban. Tá an camógaíocht laidir in áiteanna atá an iománaíocht go laidir. In Albain, imrítear sinnteag. Tá comórtas idirnáisiúnta idir Éire agus Alba. Faoi láthair, tá an dá tír ar comhscór.

Go dtí seo, scríobh mé ar contaetha agus comórtais idirnáisiúnta. Is é an rud is tabhachtaí don CLG ná an club áitiúil. Tá slua mór daoine a cuireann sár-obair sa chlub áitiúil. Tá go leor peileadóirí agus iománaithe a thosaigh mar bhuachailí agus cailíní i gclub an pharóiste acu. Ní féidir uimhir a chuir ar lucht leanúna na gclubanna sin. I lár na tíre tá an club mar ionad sóisialta le haghaidh gach duine.

Nuair a téann na Gaeil thar lear, tógann siad na cluichí Gaelacha leo. Imríonn Londain agus an Nua Eabhrach i gCraobh Ceannais na hÉireann. Ach tá clubanna lonnaithe in áiteanna nach bhfuil mórán Éireannaigh ann. Le blianta fada, bhí club i Würzburg na Gearmáine d'arbh ainm Naomh Cillian. Chuireadh club ar bhun i Varsá ag Polainnigh atá imithe abhaile ón tír seo. Tá club eile i Dubai. Ní ach sampla beag den líon clubanna CLG ar fud an domhain. Cé go bhfuil na hionad éagsúl, tá an tuaraim is atá i gclub faoin tuath anseo. Is áiteanna iad is atá fáilte ag Éireannaigh agus daoine eile atá suim acu sa tír seo bualadh isteach le comhrá agus plé cúsaí Éireannacha. In Ollscoil Birmingham, imríonn an foireann peile agus an foireann peile Astráileach cluiche Rialacha Idirnáisiúnta gach bliain.

Tá an CLG comh mór i gcroí na tíre seo gur thóg muintir na hÉireann na cluichí agus an eagras ar fud an domhain. Is ábhar bróide dúinn gur cluichí deonnacha iad – is beag teacht ar sin i dtíre eile.